



**Dáta:** 06/10/2020

**Uimhir Chiorcláin:** 0070/2020

**Chuig:** Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc in Iarbhunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

**Forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam agus measúnacht sa tSraith Shinsearach ag tagairt go háirithe do na blianta scoile 2020/21 agus 2021/22 agus cur siar chur i bhfeidhm sonraíochtaí athbhreithnithe.**

## **Clár**

<b>1. Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>2. Cúlra</b>	<b>3</b>
<b>3. Treoir maidir le hAthoscailt Scoileanna</b>	<b>4</b>
<b>4. Socruithe Measúnaithe le haghaidh Scrúduithe Teastais 2021</b>	<b>4</b>
<b>5. Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Cur Síos Athbhreithnithe ar Mhodúl ag an tSraith Shinsearach</b>	<b>4</b>
<b>5.1 Amlínte Athbhreithnithe chun Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Cur Síos Modúl a Chur i bhFeidhm</b>	<b>5</b>
<b>5.2 Eolaíocht Ríomhaireachta don ArdTeistiméireacht</b>	<b>6</b>
<b>5.3 Corpoideachas don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ábhar scrúdaithe)</b>	<b>6</b>
<b>5.4 Corpoideachas sa Shraith Shinsearach (neamh-scrúdaithe)</b>	<b>7</b>
<b>5.5 Mandairínis Sínis, Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis don ArdTeistiméireacht</b>	<b>8</b>
<b>5.5.1 Scor de Scrúduithe Teanga Neamhchuraclaim don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis</b>	<b>8</b>
<b>5.6 Arabais don Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>	<b>9</b>
<b>6. Forbairtí don Todhchaí</b>	<b>9</b>
<b>7. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach</b>	<b>9</b>

## 1. Réamhrá

Is é is cuspóir leis an gcioclán seo ná eolas a chur ar fáil maidir le forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam agus measúnacht sa tSraith Shinsearach ag tagairt go háirithe do na blianta scoile 2020/21 agus 2021/22 agus cur siar chur i bhfeidhm sonraíochtaí athbhreithnithe.

Cuir an ciorclán seo in iúl do bhord bainistíochta, príomhoide, fhoireann teagaisc agus dhaltáí do scoile de réir mar is cuí. Cuir cóip den gcioclán seo ar fáil, le do thoil, d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí.

Leanann an ciorclán seo ciorcláin 0061/2019 agus 0001/2020.

## 2. Cúlra

Nuair a fógraíodh ar an 12 Márta 2020 go ndúnfaí gach scoil, coláiste, ollscoil agus saoráid oiliúna agus foghlama eile is amhlaidh tús a bhí ann le cuid mhór dúshlán in earnáil an oideachais mar thoradh ar COVID-19.

Bhí leasanna na mac léinn agus a dteaghlach, chomh maith le sábháilteacht na foirne san earnáil, mar thosaíocht sa chinnteoireacht le linn na tréimhse seo.

Ba í an tosaíocht ba thábhachtaí ná na scoileanna a athoscailt agus a fheidhmiú ar bhealach chomh hiomlán, chomh normálta agus chomh sábháilte agus ab fhéidir ag tús na scoilbhliana nua agus an riosca a bhaineann le COVID-19 a íoslaghdú.

D'fhoilsigh an Roinn treochlár ar an 27 Iúil 2020 chun scoileanna a athoscailt ag tús na scoilbhliana 2020/21. Cuimsítear sa treochlár sraith doiciméad teorach do scoileanna agus tá siad ar fáil ag [www.gov.ie/backtoschool](http://www.gov.ie/backtoschool).

Aithnítear ann go bhfuil dúshlán shuntasacha roimh dhaltáí agus foireann na scoile agus iad ag filleadh ar scoil sa scoilbhliain 2020/21, i ndiaidh tréimhse fhada de chur isteach agus gan a bheith ar scoil. Agus na dúshlán seo á n-aithint, tá athruithe á ndéanamh ar na hamlínte chun sonraí athbhreithnithe maidir le hábhair agus cur síos athbhreithnithe ar mhodúil a thabhairt isteach, a bhí le cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2020. Cuireadh eolas i dtaca leis na hathruithe seo in iúl do scoileanna trí *Ag filleadh ar an scoil: Treoir ar fhoghlaim agus ar chlár scoile do cheannairí agus múinteoirí iar-bhunscoile* ar fáil ag [www.gov.ie/backtoschool](http://www.gov.ie/backtoschool).

### **3. Treoir maidir le hAthoscailt Scoileanna**

D'fhoilsigh an Roinn réimse d'fhaisnéise agus acmhainní maidir le hathoscailt scoileanna. Is féidir rochtain a fháil ar cháipéisíocht fhoilsithe ag [www.gov.ie/backtoschool](http://www.gov.ie/backtoschool).

D'fhoilsigh an Roinn treoir freisin maidir le [Tacú le Folláine Pobail Scoile agus na Scoileanna ag Athoscailt](#). Baineann an treoir seo le daltaí chomh maith le foireann na scoile, agus pobal iomlán na scoile.

Moltar do gach ball d'fhoireann na scoile eolas a chur ar na cáipéisí seo agus [www.gov.ie/backtocschool](http://www.gov.ie/backtocschool) a sheiceáil go rialta le haghaidh cáipéisí nua agus nuashonraithe.

### **4. Socruithe Measúnaithe le haghaidh Scrúduithe Teastais 2021**

Aithníonn an Roinn nach mór cúinsí curaclaim agus measúnaithe don scoilbhliain 2020/21 na hathruithe a tháinig ar eispéireas foghlama na ndaltaí le linn na scoilbhliana 2019/20 a chur san áireamh, chomh maith leis an gcomhthéacs ina mbeidh teagasc agus foghlaim ag tarlú sa scoilbhliain nua.

Ar an ábhar sin, rinneadh athruithe ar na socruithe measúnaithe don Ardteistiméireacht Bhunaidh, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta do Scrúduithe Stáit 2021.

D'fhoilsigh an Roinn faisnéis maidir leis na hathruithe seo. Tá sonraí maidir leis na hathruithe seo ar fáil [anseo](#) nó ar [www.gov.ie/backtoschool](http://www.gov.ie/backtoschool).

### **5. Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Cur Síos Athbhreithnithe ar Mhodúl ag an tSraith Shinsearach**

Tugadh i gCiorcláin 0061/2019 agus 0001/2020 breac-chuntas ar shraith leasuithe curaclaim a bhí le cur i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2020/21.

Nuair a dúnadh na scoileanna i mí an Mhárta agus na dúshláin shuntasacha atá roimh scoileanna maidir le hathoscailt á gcur san áireamh, leasaíodh na hamlínte a bhí beartaithe le haghaidh sonraíochtaí ábhair athbhreithnithe agus cur síos modúil athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Tá na hathruithe ar na hamlínte seo léirithe thíos.

## 5.1 Amlínte Athbhreithnithe chun Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Cur Síos Modúl a Chur i bhFeidhm

Nuair a chuirtear san áireamh an méid ama sa rang a cailleadh ag deireadh na scoilbhliana 2019/2020, na dúshláin a d'fhéadfaí a bheith roimh scoileanna ag tús na scoilbhliana nua, agus ualach oibre múinteoirí agus ceannairí scoile ag an am seo, aithnítear nach am oiriúnach í an scoilbhliain nua chun an curaclam a athrú go suntasach. Chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir leis na praiticiúlachtaí a bhaineann le bheith ag plé lena gcuid daltaí arís, rinneadh roinnt cinntí lárnacha chun gnéithe den athrú curaclaim a bhí le tosú i Meán Fómhair 2020 a stad.

Tá dátaí athbhreithnithe ann anois do chur i bhfeidhm roinnt sonraíochtaí ábhair agus cur síos modúl leagtha amach thíos. Idir an dá linn, leanfaidh daltaí de na sonraíochtaí reatha do ábhair / cur síos modúil a leanúint.

<b>Sonraíochtaí Athbhreithnithe maidir le hÁbhair na Ardteistiméireachta Bunaithe</b>	<b>Dáta cur chun feidhme bunaidh</b>	<b>Dáta cur chun feidhme athbhreithnithe</b>	<b>An Chéad Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>
Ealaíon	Meán Fómhair 2020	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023

<b>Cur síos modúl athbhreithnithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>	<b>Dáta cur chun feidhme bunaidh</b>	<b>Dáta cur chun feidhme athbhreithnithe</b>	<b>An Chéad Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>
Béarla agus Cumarsáid	Meán Fómhair 2020	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023
Feidhmeanna Matamaitice	Meán Fómhair 2020	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023
Bunchúrsa i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Meán Fómhair 2020	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023
Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide: Speisialtóireacht	Meán Fómhair 2020	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023

Níor tháinig aon athrú ar an dáta cur chun feidhme do na hábhair seo a leanas:

<b>Sonraíochtaí Athbhreithnithe maidir le hÁbhair na Ardteistiméireachta Bunaithe</b>	<b>Dáta cur chun feidhme</b>	<b>An Chéad Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>
Matamaitic Fheidhmeach	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023
Léann Clasaiceach	Meán Fómhair 2021	Meitheamh, 2023

## **5.2 Eolaíocht Ríomhaireachta don ArdTeistiméireacht**

Tá Eolaíocht Ríomhaireachta don ArdTeistiméireacht ar fáil go náisiúnta mar ábhar roghnach ó Mheán Fómhair 2020.

Mar a cuireadh in iúl in *Ag filleadh ar an scoil: Treoir ar fhoghlaim agus ar chlár scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile*, a foilsíodh ar <https://www.gov.ie/ga/feachtais/filleadh-ar-scoil/>, cuireadh an rogha seo ar fáil do scoileanna a chuir in iúl gur mhian leo an t-ábhar seo a thabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2020 an cur chun feidhme a chur siar.

Má roghnaíonn scoil an cinneadh a chur siar, is féidir léi, mar scoil, an t-ábhar a thairiscint ó Mheán Fómhair 2021 agus leas a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha (CPD) ag an bpointe sin a bheidh á soláthar ag an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST).

Sa chás go bhfuil cinneadh déanta ag scoileanna leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an ábhair nua seo, leanfaidh an PDST ag soláthar tacaíochta ar iarratas. Is féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ag <https://pdst.ie/schoolsupport>.

## **5.3 Corpoideachas don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ábhar scrúdaithe)**

Tá Corpoideachas don don ArdTeistiméireacht Fheidhmeach ar fáil go náisiúnta mar ábhar roghnach ó Mheán Fómhair 2020.

Mar a cuireadh in iúl in *Ag filleadh ar scoil - Treoir maidir le cláir foghlama agus scoile do cheannairí agus múinteoirí iar-bhunscoile*, a foilsíodh ar [www.gov.ie/backtoschool](http://www.gov.ie/backtoschool), ofráladh an deis do scoileanna a chuir in iúl gur mhian leo an t-ábhar a thabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2020 cur chun feidhme na rogha a chur siar.

Má roghnaíonn scoil an cinneadh a chur siar, is féidir léi, mar scoil, an t-ábhar a thairiscint ó Mheán Fómhair 2021 agus leas a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach ábhartha (CPD) ag an bpointe sin a bheidh á soláthar ag an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST).

Sa chás go bhfuil cinneadh déanta ag scoileanna leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an ábhair nua seo, leanfaidh an PDST ag soláthar tacaíochta ach é a iarraidh. Is féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ag <https://pdst.ie/schoolsupport>.

#### **5.4 Corpoideachas sa Shraith Shinsearach (neamh-scrúdaithe)**

Déantar an creat Corpoideachas don tSraith Shinsearach a dhearadh le tacú le múinteoirí maidir le foghlaim d'ardchaighdeán a phleanáil don chorpoidéachas sa tSraith Shinsearach. Cabhróidh an Creat neamh-scrúdaithe le scoileanna clár corpoideachais a dhearadh do dhaltáí sa tsraith shinsearach, lena n-áirítear daltaí a roghnaíonn nó nach roghnaíonn Corpoideachas a dhéanamh mar ábhar dá scrúdú Ardteistiméireachta.

Ba chóir go mbeadh gach dalta sa tSraith Shinsearach ag déanamh staidéir ar an gCreat SCPE a thagann in áit treoirínte anois maidir le Corpoideachas ag an tSraith Shinsearach atá leagtha amach faoi láthair sna Rialacha agus sna Cláir do Mheánscoileanna. Má tá dalta, áfach, ag déanamh staidéir ar an tsonraíocht roghnach LCPE, ní bhíonn orthu staidéar a dhéanamh ar an gCreat SCPE freisin, cé nach bhfuil cosc air sin.

Chuir an PDST forbhreathnú ar fáil na samhlacha curaclaim agus na hacmhainní tacaíochta chun Plean Corpoideachais Rothaíochta Sinsearach a phleanáil agus a theagasc agus tá sé ar fáil ar [www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie).

Tá soláthar an chlár FGL a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Chreata Corpoideachais Rothaíochta Sinsearach á chur ar athló go dtí an bhliain seo chugainn d'fhonn an cur isteach ar am teagmhála ranga do mhúinteoirí agus do dhaltáí corpoideachais a íoslaghdú.

## **5.5 Mandairínis Sínis, Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis don ArdTeistiméireacht**

Cuirfear sonraíochtaí curaclaim nua do Shínis Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020. Chuathas ar lorg léirithe spéise sna hábhair nua a thabhairt isteach go mall in 2019 trí chiorclán 0061/2019 do scoileanna páirt a ghlacadh i leathadh amach na n-ábhar seo agus leas a bhaint as FGL do mhúinteoirí.

Beidh scrúdú sna hábhair teanga seo ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit de réir na socruithe measúnaithe mar atá leagtha amach sna sonraíochtaí. Ó aimsir na scrúduithe stáit 2022 ar aghaidh, beidh ar ar gach dalta a dhéanfaidh scrúduithe Ardteistiméireachta sna teangacha curaclaim seo comhphárteanna measúnaithe béil, cluastuisceana agus scríofa a chur i gcrích.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin gurb é Iar-Bhunteangacha Éireann (PPLI) a sheachadfaidh FGL do na teangacha seo. Tá faisnéis maidir le PPLI ar fáil ag [www.ppli.ie](http://www.ppli.ie)

Tá na sonraíochtaí nua do na teangacha seo ar fáil ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

### **5.5.1 Scor de Scrúduithe Teanga Neamhchuraclaim don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis**

I ndiaidh sonraíochtaí curaclaim don Liotuáinis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis a thabhairt isteach, i Meán Fómhair 2020, scoirfear de na scrúduithe neamhchuraclaim comhfhreagracha sna teangacha seo a thairiscint. Is in 2021 a dhéanfar na scrúduithe neamhchuraclaim sna teangacha seo den uair dheiridh.

Caithfidh daltaí atá ag iarraidh scrúduithe teastais a dhéanamh sna teangacha seo, an Liotuáinis, an Pholainnis agus an Phortaingéilis, an fhoghlaim teanga a thuairiscítear sna sonraíochtaí curaclaim a thaispeáint, agus tá na sonraí a bhaineann leis leagtha amach thuas. Is éard atá i gceist leis na socruithe measúnaithe do na sonraíochtaí áirithe seo ná measúnaithe béil, cluastuisceana agus scríofa.

Iarrtar ar scoileanna comhairle faoi na hathruithe seo a chur ar iarrthóirí a d'fhéadfaí a bheith ann do na scrúduithe seo. Tá an Roinn i dteagmháil le hambasáidí ábhartha chun an fhaisnéis seo a roinnt tuilleadh.



## **5.6 Arabais don Ardteistiméireacht Fheidhmeach**

Tugadh isteach le Ciorclán 0001/2020 athruithe i siollabas eatramhach Araibis don Ardteistiméireacht. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfanfaidh na hathruithe seo i bhfeidhm do dhaltá sa bhlaoin acadúil atá le teacht agus amach anseo.

Tá siollabas eatramhach athbhreithnithe na hArdteistiméireachta ar fáil ag <https://curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Arabic/>.

## **6. Forbairtí don Todhchaí**

Tá an NCCA ag obair ar fhorbairt sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe do hArdteistiméireacht na Gaeilge (L1 agus L2), Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Sean-Ghréigis agus Laidin. Tá an t-amlíne d'fhorbairt na sonraíochtaí seo á athbhreithniú faoi láthair.

## **7. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach**

Tá Tuarascáil Chomhairleach á cur i gcrích ag an NCCA anois ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach ina leagfar amach réimsí oibre agus pleananna atá le saothrú i bhforbairt oideachas na Sraithe Sinsearaí as seo amach. Sna forbairtí a rinneadh le míonna beaga anuas is amhlaidh gur gealadh béim ar ghnéithe d'oideachas na Sraithe Sinsearaí ar gá go ndéanfaí machnamh breise orthu agus aird bhreise a thabhairt orthu sa Tuarascáil Chomhairleach.

Nuair a bheidh an Tuarascáil Chomhairleach réidh, cuirfear faoi bhráid na Roinne í lena breithniú.

**Eamonn Moran**

**Príomhoifigeach**

**An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta**

**06 Deireadh Fómhair 2020**